| Cuntasaíocht | Meitheal Forbartha — Cruinniú 10, An 1 Bealtaine 2025<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Fáilte agus Nuashonruithe ón gCathaoirleach** | Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh bhaill na Meithle Forbartha chuig an gcruinniú. |
| **Dearbhuithe, Miontuairiscí agus Nithe ag Éirí Astu** | Níor cuireadh aon dearbhuithe leasa in iúl.<br><br>Glacadh leis na Miontuairiscí ón gcruinniú deireanach agus ní raibh aon nithe ag éirí astu. |
| **Léargais ón gComhairliúchán agus Athbhreithniú ar Dhréacht-snáitheanna** | Roinn an tOifigeach Oideachais mionchuntas ar an bhfaisnéis a bailíodh ón gcomhairliúchán agus réimsí a mbeadh gá aghaidh a thabhairt orthu bunaithe ar an aiseolas.<br><br>Pléadh an fáil atá ar sonraí loma ón gcomhairliúchán agus tugadh breac-chuntas ar an bpróiseas bailithe agus comhroinnte sonraí. Bhí plé ann maidir leis an comhairliúchán ar an dréachtsonraíocht agus próiseas forbartha an churaclaim.<br><br>Rinne an mheitheal athbhreithniú ar athdhréachtaí ar shnáithe a haon agus a dó agus machnamh á dhéanamh ar an aiseolas ón gcomhairliúchán. Beidh an mheitheal ag obair i dtreo snáithe a trí agus a ceathair a thabhairt chun críche ag an gcéad chruinniú eile. |
| **Comhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis** | Rinne an mheitheal athbhreithniú ar an téacs athbhreithnithe a bhain leis an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis agus rinne siad plé bunaithe ar an aiseolas ón gcomhairliúchán. Cuirfear seo i gcrích don chéad chruinniú eile. |
| **Aon ghnó eile agus na chéad chéimeanna eile** | Buailfidh an mheitheal le chéile ar an 14 Bealtaine 2025 leis an tsonraíocht a thabhairt chun críche sula dtéann sí ar aghaidh go dtí an Bord le plé a dhéanamh uirthi agus go dtí an Chomhairle lena faomhadh. |